CINNTÍ

CINNEADH (AE) 2022/2078 ÓN gCOMHAIRLE

an 24 Deireadh Fómhair 2022

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gCoiste Muir-Shábháilteachta na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta le linn a 106ú seisiún agus i gCoiste um Chaomhnú an Chomhshaoil Mhuirí de chuid na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta le linn a 79ú seisiún a mhéid a bhaineann leis an leasú ar an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta um Shábháilteacht Anama ar Muir (SOLAS), ar an gCód Idirnáisiúnta maidir le Clár Feabhsaithe na nIniúchtaí a dhéantar mar chuid de Shuirbhéanna ar Bhulc-iompróirí agus ar Thancaeir Ola, 2011 ("Cód ESP 2011") agus ar Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta um Thruailliú ó Longa a Chosc (MARPOL)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 100(2) de, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ba cheart é a bheith d'aidhm ag gníomhaíocht an Aontais san earnáil mhuiriompair an tsábháilteacht mhuirí a fheabhsú agus an comhshaol muirí agus sláinte an duine a chosaint.

(2) Le linn a 106ú seisiún ("MSC 106") ón 2 go dtí an 11 Samhain 2022, meastar go nglacfaidh Coiste Muir-Shábháilteachta na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta ("IMO") leasuithe ar chaibidil II-2 den Choinbhinsiún Idirnáisiúnta um Shábháilteacht Anama ar Muir ("SOLAS") agus ar an gCód Idirnáisiúnta maidir le Clár Feabhsaithe na nIniúchtaí a dhéantar mar chuid de Shuirbhéanna ar Bhulc-iompróirí agus ar Thancaeir Ola, 2011 ("Cód ESP 2011").

(3) Le linn a 79ú seisiún ("MEPC 79") ón 12 go dtí an 16 Nollaig 2022, meastar go nglacfaidh Coiste um Chaomhnú an Chomhshaoil Mhuirí de chuid na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta, leasuithe ar Rialachán 14 den Choinbhinsiún Idirnáisiúnta um Thruailliú ó Longa a Chosc ("MARPOL") agus ar Fhoscríbhinní VII agus IX d'Iarscríbhinn VI a ghabhann le MARPOL.

(4) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais le linn MSC 106 a bhunú ós rud é go bhféadfadh na leasuithe ar chaibidil II-2 de SOLAS agus ar Chód ESP 2011 tionchar cinntitheach a imirt ar ábhar dhlí an Aontais, eadhon Treoir 2009/45/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]) agus Rialachán (AE) Uimh. 530/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]).

(5) Cuirfear san áireamh sna leasuithe ar Chaibidil II-2 SOLAS soláthróirí ola breosla nár chomhlíon na ceanglais maidir leis an splancphointe, gníomhaíochtaí i gcoinne soláthróirí ola breosla a bhfuarthas amach ina leith go raibh ola bhreosla á seachadadh acu nach gcomhlíonann na híoscheanglais maidir leis an splancphointe agus doiciméadú maidir le splancphointe na baisce breosla iarbhír le linn buncaeireachta. Ba cheart don Aontas tacú leis na leasuithe sin toisc go bhfeabhsóidh siad sábháilteacht long.

(6) Leis na leasuithe ar Chód ESP 2011, tá sé beartaithe ceanglais níos déine a chur chun feidhme maidir le hiniúchadh a dhéanamh ar umair bhallasta agus spásanna folúis chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sábháilteachta a sainaithníodh le linn suirbhé sábháilteachta muirí sa stát brataí maidir le cailleadh bulc-iompróir MV Stellar Daisy in 2017. Ba cheart don Aontas tacú leis na leasuithe sin toisc go bhfeabhsóidh siad sábháilteacht long.

([1]) Treoir 2009/45/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Bealtaine 2009 maidir le rialacha agus caighdeáin sábháilteachta le haghaidh longa paisinéirí (IO L 163, 25.6.2009, lch. 1).

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 530/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2012 maidir le ceanglais cabhlach dúbailte nó ceanglais deartha choibhéiseacha a chéimniú isteach ar mhodh luathaithe do thancaeir ola aonchabhlach (IO L 172, 30.6.2012, lch. 3).

(7) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais le linn MEPC 79 a bhunú ós rud é go bhféadfadh na leasuithe ar Rialachán 14 MARPOL agus ar Fhoscríbhinní VII agus IX d'Iarscríbhinn VI a ghabhann le MARPOL tionchar cinntitheach a imirt ar ábhar dhlí an Aontais, eadhon Rialachán (AE) 2015/757 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]) agus Treoir (AE) 2016/802 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]).

(8) Baineann na leasuithe ar Rialachán 14 MARPOL agus ar Fhoscríbhinn VII d'Iarscríbhinn VI a ghabhann le MARPOL le hainmniú na Meánmhara, ina hiomláine, mar Limistéar Rialaithe Astaíochtaí le haghaidh Ocsaíd Sulfair (ECA SOX na Meánmhara). Ba cheart don Aontas tacú leis na leasuithe sin ós rud é go mbeidh laghduithe suntasacha ar leibhéil chomhthimpeallacha an truaillithe aeir sa Mheánmhuir ina hiomláine agus i Stáit chósta na Meánmhara mar thoradh ar an ainmniú sin, rud a rachaidh go mór chun tairbhe do shláinte an duine agus don chomhshaol.

(9) Leis na leasuithe ar Fhoscríbhinn IX d'Iarscríbhinn VI a ghabhann le MARPOL feabhsófar an fhaisnéis maidir le feidhmíocht déine carbóin long i gCóras Bailithe Sonraí um Ídiú Ola Breosla Long (DCS) na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta. Ba cheart don Aontas tacú leis na leasuithe sin ós rud é, le faisnéis feabhsaithe maidir le déine carbóin long, go soláthrófar sonraí fíor-riachtanacha maidir le héifeachtúlacht fuinnimh agus feidhmíocht déine carbóin an chabhlaigh dhomhanda. Dá réir sin, ba cheart faisnéis den sórt sin a thuairisciú do Chóras Bailithe Sonraí IMO.

(10) Ní ball de IMO é an tAontas, ná ní páirtí conarthach in SOLAS, i gCód ESP 2011, ná i MARPOL é. Dá bhrí sin, ba cheart don Chomhairle na Ballstáit a údarú seasamh an Aontais a chur in iúl.

(11) Ba cheart raon feidhme an Chinnidh seo a theorannú don mhéid atá sna leasuithe beartaithe, a mhéid d'fhéadfadh na leasuithe sin difear a dhéanamh do rialacha comhchoiteanna an Aontais agus go dtagann siad faoi chuimsiú inniúlacht eisiach an Aontais. Níor cheart don Chinneadh seo difear a dhéanamh do roinnt na n-inniúlachtaí idir an tAontas agus na Ballstáit,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gCoiste Muir-Shábháilteachta na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta (IMO) le linn a 106ú seisiún ("MSC 106"), aontú le glacadh an leasaithe ar chaibidil II-2 den Choinbhinsiún Idirnáisiúnta um Shábháilteacht Anama ar Muir (SOLAS) mar a leagtar amach in Iarscríbhinn 1 a ghabhann le doiciméad MSC 106/3 IMO é, agus ar an gCód Idirnáisiúnta maidir le Clár Feabhsaithe na nIniúchtaí a dhéantar mar chuid de Shuirbhéanna ar Bhulc-iompróirí agus ar Thancaeir Ola, 2011 ("Cód ESP 2011") mar a leagtar amach in Iarscríbhinn 5 a ghabhann le doiciméad MSC 106/3 IMO é.

Airteagal 2

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gCoiste Muir-Shábháilteachta na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta le linn a 79ú ("MEPC 79"), aontú le glacadh an leasaithe ar Rialachán 14 a ghabhann leis an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta um Thruailliú ó Longa a Chosc (MARPOL) agus ar Fhoscríbhinn VII d'Iarscríbhinn VI a ghabhann le MARPOL, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le doiciméad MEPC 79/3/2 IMO iad, agus aontú le glacadh an leasaithe ar Fhoscríbhinn IX a ghabhann le hIarscríbhinn VI a ghabhann le MARPOL, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le doiciméad MEPC 79/3/3 IMO é.

Airteagal 3

1. Maidir leis na seasaimh atá le glacadh thar ceann an Aontais a shonraítear sa Chinneadh seo, cuimsítear na leasuithe lena mbaineann a mhéid a thagann na leasuithe sin faoi chuimsiú inniúlacht eisiach an Aontais agus a mhéid a d'fhéadfaidís difear a dhéanamh do rialacha comhchoiteanna an Aontais. Cuirfidh na Ballstáit, ar baill iad uile de IMO, na seasaimh sin in iúl, ag gníomhú dóibh go comhpháirteach chun leas an Aontais.

([3]) Rialachán (AE) 2015/757 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2015 maidir le faireachán, tuairisciú agus fíorú a dhéanamh ar astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin ó mhuiriompar, agus lena leasaítear Treoir 2009/16/CE (IO L 123, 19.5.2015, lch. 55).

([4]) Treoir (AE) 2016/802 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 a bhaineann le laghdú ar an gcion sulfair i leachtbhreoslaí áirithe (IO L 132, 21.5.2016, lch. 58).

2. Féadfar teacht ar chomhaontú maidir le mionathruithe ar na seasaimh dá dtagraítear in Airteagail 1 agus 2 gan cinneadh eile ón gComhairle.

Airteagal 4

Leis seo, údaraítear do na Ballstáit a dtoiliú a thabhairt le bheith faoi cheangal, chun leas an Aontais, ag na leasuithe dá dtagraítear in Airteagail 1 agus 2, a mhéid a thagann na leasuithe sin faoi chuimsiú inniúlacht eisiach an Aontais.

Airteagal 5

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 24 Deireadh Fómhair 2022.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
A. HUBÁČKOVÁ